Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2022
(OR. en)

7398/22

CSDP/PSDC 158
CFSP/PESC 401
EUMC 96
MAMA 48
RELEX 378
CONUN 66
CSC 112
EUNAVFOR MED 8
PSC DEC 7

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa AE a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1748 (EUNAVFOR MED IRINI /2/2022) |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa AE a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1748 (EUNAVFOR MED IRINI /2/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)[1], agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

---

[1] IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI), faoi cheannas an tSeachaimiréil Fabio AGOSTINI mar Cheannasaí Oibríocht AE.

(2) De bhun Chinneadh (CBES) 2020/472, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) cinntí a ghlacadh maidir le Ceannasaí Fórsa AE a cheapadh ar EUNAVFOR MED IRINI.

(3) An 28 Meán Fómhair 2021, ghlac CPS Cinneadh (CBES) 2021/1748[1], lena gceaptar an Ceannasóir Michail MAGKOS mar Cheannasaí Fórsa AE ar EUNAVFOR MED IRINI.

(4) An 14 Márta 2022, mhol údaráis mhíleata na hIodáile go ndéanfaí an Captaen Cabhlaigh, Fabrizio RUTTERI, a cheapadh i gcomharbas ar Cheannasóir Michail MAGKOS mar Cheannasaí Fórsa AE ar EUNAVFOR MED IRINI ón 1 Aibreán 2022. Tá sé curtha in iúl ag na húdaráis sin go dtabharfar ardú céime don Chaptaen Fabrizio RUTTERI go Seachaimiréal nuair a cheapfar ina Cheannasaí Fórsa AE é.

[1] Cinneadh (CBES) 2021/1748 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Meán Fómhair 2021 lena gceaptar Ceannasaí Fórsa AE ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n- aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/561 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2021) (IO L 350, 4.10.2021, lch. 7).

(5) An 16 Márta 2022, thacaigh Coiste Míleata AE leis an moladh a rinne údaráis mhíleata na hIodáile.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Fabrizio RUTTERI a cheapadh.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1748 a aisghairm.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu in ábhair cosanta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Seachaimiréal Fabrizio RUTTERI mar Cheannasaí Fórsa AE ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 1 Aibreán 2022.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2021/1748 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2021) a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Aibreán 2022.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*

---